CINNEADH (AE) 2022/2359 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 22 Samhain 2022

lena nglactar rialacha inmheánacha maidir le srianta ar chearta na n-ábhar sonraí i ndáil le feidhmiú inmheánach an Bhainc Cheannais Eorpaigh *(BCE/2022/42)*

TÁ BORD FEIDHMIÚCHÁIN AN BHAINC CHEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 11.6 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 25 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuireann an Banc Ceannais Eorpach (BCE) a chúraimí i gcrích i gcomhréir leis na Conarthaí.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 45(3) de Rialachán (AE) 2018/1725, leagtar amach i gCinneadh (AE) 2020/655 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2020/28) ([2]) na rialacha ginearálta lena gcuirtear Rialachán (AE) 2018/1725 chun feidhme a mhéid a bhaineann le BCE. Sonraítear ann go háirithe na rialacha a bhaineann le ceapachán agus ról oifigeach cosanta sonraí an BCE (OCS), lena n-áirítear cúraimí, dualgais agus cumhachtaí an OCS.

(3) Agus na cúraimí a thugtar do BCE á bhfeidhmiú aige, gníomhaíonn BCE, agus go háirithe an t-aonad eagraíochtúil lena mbaineann, mar rialaitheoir sonraí a mhéid a chinneann sé, ina aonar nó go comhpháirteach, críocha agus modhanna na próiseála sonraí pearsanta.

(4) I dtaca le feidhmiú inmheánach BCE, cuirtear cúraimí ar réimsí éagsúla gnó BCE (lena n-áirítear an Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna (DG/HR), an Oifig um Chomhlíonadh agus Rialachas (CGO), an Stiúrthóireacht um Iniúchóireacht Inmheánach (D/IA) agus Ard-Stiúrthóireacht na Seirbhísí Dlí (DG/L)) laistigh den chreat dlíthiúil lena rialaítear fostaíocht in BCE lena mbaineann próiseáil sonraí pearsanta. D'fhéadfaí a áireamh i gcúraimí den sórt sin, mar shampla, gníomhaíochtaí arna nglacadh i ndáil le sáruithe féideartha ar dhualgais ghairmiúla (lena n-áirítear imscrúduithe ar iompar míchuí de bhun chreat an BCE maidir leis an dínit san ionad oibre agus an obair leantach ar thuairisciú aon ghníomhaíochta mídhleathaí nó aon sáraithe ar dhualgais ghairmiúla a cuirtear isteach trí aon chainéal, lena n-áirítear inter alia, trí uirlis sceithireachta an BCE); tascanna a bhaineann le nósanna imeachta roghnúcháin; cúraimí arna ngabháil de láimh ag DG/HR i gcomhlíonadh a feidhmeanna a bhaineann le bainistíocht feidhmíochta, ardú céime, ceapadh pearsanra BCE go díreach, forbairt ghairmiúil lena n-áirítear calabrú tallainne laistigh de réimsí gnó agus tharstu, méaduithe tuarastail agus bónais agus cinntí maidir le soghluaisteacht agus saoire; scrúdú a dhéanamh ar achomhairc inmheánacha arna dtionscnamh ag pearsanra BCE (lena n-áirítear trí athbhreithniú riaracháin, nósanna imeachta casaoide, nósanna imeachta achomhairc speisialta nó coistí leighis) agus an obair leantach ina leith; cúraimí comhairleacha CGO faoi Chreat Eitice BCE (a leagtar amach i gCuid 0 de Rialacha Foirne BCE) agus, chun críocha comhlíonta, cúraimí CGO a bhaineann le faireachán ar ghníomhaíochtaí airgeadais príobháideacha (lena n-áirítear comhar le haon soláthraí seirbhíse seachtrach arna cheapadh de bhun Airteagal 0.4.3.3 de Rialacha Foirne BCE); agus iniúchtaí arna ndéanamh ag an D/IA agus na cúraimí a dhéantar i gcomhthéacs Chiorclán Riaracháin Uimh. 1/2006 maidir le fiosrúcháin inmheánacha riaracháin le linn gníomhaíochtaí imscrúdaithe agus fiosrúcháin riaracháin ([3]) a sheoladh i gcásanna a bhféadfadh gné araíonachta a bheith acu a bhaineann le pearsanra BCE (lena n-áirítear cúraimí na ndaoine a sheolann an fiosrúchán nó comhaltaí an phainéil fiosrúcháin i gcás ina gceanglaítear orthu fianaise a bhailiú agus na fíricí ábhartha a shuíomh).

([1]) (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

([2]) Cinneadh (AE) 2020/655 ón mBanc Ceannais Eorpach an 5 Bealtaine 2020 lena nglactar rialacha cur chun feidhme maidir le cosaint sonraí ag an mBanc Ceannais Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh BCE/2007/1 (BCE/2020/28) (IO L 152, 15.5.2020, lch.13).

([3]) Glacadh le Ciorclán Riaracháin Uimh. 1/2006 an 21 Márta 2006 agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin BCE.

(5) De bhun Chinneadh (AE) 2016/456 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2016/3) ([4]) ní mór do BCE faisnéis atá i seilbh BCE as a n-eascraíonn amhras go bhfuil cásanna féideartha calaoise, éillithe nó aon ghníomhaíochta neamhdhleathaí eile ann a dhéanann difear do leas airgeadais an Aontais a tharchur chuig an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, arna iarraidh sin di nó ar thionscnamh BCE féin. Foráiltear le Cinneadh BCE/2016/456 (BCE/2016/3) i gcás den sórt sin go gcuirtear páirtithe leasmhara ar an eolas go tapa, mura mbeidh sé sin díobhálach don imscrúdú, agus, i gcás ar bith, nach bhféadfar teacht ar aon chonclúidí ina ndéantar tagairt, faoina n-ainmithe, do pháirtithe leasmhara gan deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na fíorais uile a bhaineann leo, lena n-áirítear aon fhianaise atá ann ina n-aghaidh.

(6) De bhun phointe (b) d'Airteagal 4 de Chinneadh (AE) 2020/655 (BCE/2020/28), ní mór don OCS imscrúdú a dhéanamh ar ábhair agus ar theagmhais a bhaineann le cosaint sonraí ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ó BCE.

(7) Tá an Rannán um Shlándáil agus um Shábháilteacht, atá laistigh den Stiúrthóireacht um Riarachán, freagrach as imscrúduithe a dhéanamh chun cosaint na slándála fisiciúla do dhaoine, d'áitreabh agus do mhaoin a áirithiú sa BCE, as fhaisnéis faoi bhagairtí a bhailiú agus as anailís a dhéanamh ar theagmhais slándála.

(8) Tá sé de dhualgas ar BCE comhar dílis a dhéanamh leis na húdaráis náisiúnta, lena n-áirítear údaráis náisiúnta i gcomhair ionchúisimh choiriúil. Go háirithe, de bhun Chinneadh (AE) 2016/1162 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2016/19) ([5]), féadfaidh BCE, arna iarraidh sin d'údarás náisiúnta um imscrúdú coiriúil, faisnéis rúnda atá ina sheilbh agus a bhaineann leis na cúraimí a thugtar do BCE le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle ([6]) nó le cúraimí CEBC/Eurochórais eile faoi seach a sholáthar do ÚIN nó do BCN faoi seach lena nochtadh faoi choinníollacha áirithe don údarás náisiúnta um imscrúdú coiriúil atá i gceist.

(9) De bhun Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle ([7]), ní mór do BCE aon fhaisnéis a sholáthar gan mhoill d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) i gcás ina sainaithnítear amhras faoi chion atá laistigh dá inniúlacht.

(10) Ní mór do BCE comhoibriú le comhlachtaí AE a fheidhmíonn feidhm mhaoirseachta, formhaoirseachta nó iniúchóireachta a bhfuil BCE faoina réir, amhail an Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus an tOmbudsman Eorpach, agus a gcúraimí faoi seach á gcomhlíonadh acu. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh BCE sonraí pearsanta a phróiseáil chun go mbeidh sé in ann iarrataí a fhreagairt, dul i gcomhairle leis na comhlachtaí sin agus faisnéis a sholáthar dóibh.

(11) De bhun an chreata inmheánaigh um réiteach díospóidí ag BCE, féadfaidh pearsanra BCE dul i dteagmháil le hidirghabhálaí tráth ar bith agus ar bhealach ar bith chun tacaíocht a iarraidh ar an idirghabhálaí chun díospóid a bhaineann leis an obair a réiteach nó a chosc. Foráiltear leis an gcreat sin go mbeidh gach cumarsáid leis an idirghabhálaí faoi chosaint rúndachta. Meastar aon ní a luaitear le linn an phróisis idirghabhála a bheith faoi phribhléid agus ní mór do gach páirtí atá páirteach san idirghabháil an fhaisnéis sin a úsáid chun críche an phróisis idirghabhála agus chun na críche sin amháin, gan dochar d'aon imeachtaí dlí. Ar bhonn eisceachtúil, féadfaidh an t-idirghabhálaí faisnéis a nochtadh nuair is dealraitheach gur gá í a nochtadh chun gar-riosca díobhála tromchúisí d'iomláine choirp nó mheabhrach duine a chosc.

(12) Déanann BCE a dhícheall dálaí oibre a áirithiú lena gcosnaítear sláinte agus sábháilteacht a phearsanra agus lena n-urramaítear a ndínit san ionad oibre trí sheirbhísí comhairleoireachta a sholáthar chun tacú leo. Féadfaidh pearsanra BCE seirbhísí comhairleora shóisialta a lorg i ndáil le haon saincheisteanna lena n-áirítear saincheisteanna mothúchánacha, pearsanta agus oibre. Ní fhéadfaidh rochtain a bheith ag an gcomhairleoir sóisialta ar chomhad pearsanta phearsanra BCE, mura rud é go bhfuil sé údaraithe go sainráite acu. Ní fhéadfar aon fhaisnéis a fuair duine aonair ná aon ráitis a dhéanann duine aonair leis an gcomhairleoir sóisialta a nochtadh, mura rud é go n-údaraíonn an duine aonair sin go sainráite í nó go n-éilítear amhlaidh leis an dlí.

([4]) Cinneadh (AE) 2016/456 ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Márta 2016 maidir leis na téarmaí agus coinníollacha d'imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise ar an mBanc Ceannais Eorpach, maidir le calaois, éilliú agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile lena ndéanfaí dochar do leasanna airgeadais an Aontais a chosc (BCE/2016/3) (IO L 79, 30.3.2016, lch. 34).

([5]) Cinneadh (AE) 2016/1162 ón mBanc Ceannais Eorpach an 30 Meitheamh 2016 maidir le faisnéis rúnda a nochtadh i gcomhthéacs imscrúduithe coiriúla (BCE/2016/19) (IO L 192, 16.7.2016, lch. 73).

([6]) Rialachán ón gComhairle (AE) Uimh. 1024/2013 an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63).

([7]) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE") (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

(13) I dtaca lena fheidhmiú inmheánach, próiseálann BCE roinnt catagóirí sonraí a d'fhéadfadh a bheith bainteach le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta. Tá liostaí neamh-uileghabhálacha de na catagóirí sonraí pearsanta sin a phróiseálann BCE i dtaca lena fheidhmiú inmheánach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an gCinneadh seo. D'fhéadfadh sonraí pearsanta a bheith mar chuid de mheasúnú lena n-áirítear measúnú arna dhéanamh ag an réimse gnó freagrach a bhaineann leis an ábhar atá á scrúdú, lena n-áirítear, mar shampla, measúnú ag DG/HR, DG/L, D/IA nó ag coiste araíonachta nó ag painéal fiosrúcháin ar shárú ar dhualgais ghairmiúla.

(14) I gcomhthéacs aithrisí 4 go 13, is iomchuí na forais a shonrú ar a bhféadfaidh BCE srian a chur ar chearta na n-ábhar sonraí.

(15) Is é is aidhm do BCE agus a chúraimí á gcomhlíonadh aige, cuspóirí tábhachtacha a bhaineann le leas ginearálta phobal an Aontais a shaothrú. Dá bhrí sin, ba cheart comhlíonadh na gcúraimí sin a choimirciú mar a bheartaítear le Rialachán (AE) 2018/1725, go háirithe pointí (b), (c), (d), (f), (g) agus (h) d'Airteagal 25(1).

(16) I gcomhréir le hAirteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2018/1725, ba cheart na srianta ar chur i bhfeidhm Airteagail 14 go 22, 35 agus 36 agus, fad agus a thagann a fhorálacha leis na cearta agus na hoiblieagáidí dá bhforáiltear in Airtegail 14 go 22, Airteagal 4 den Rialachán sin a leagan amach i rialacha inmheánacha nó i ngníomhartha dlí arna nglacadh ar bhonn na gConarthaí. Dá réir sin, ba cheart do BCE na rialacha faoina bhféadfaidh sé srian a chur le cearta na n-ábhar sonraí i gcomhlíonadh a chúraimí a leagan amach.

(17) Ba cheart do BCE údar a thabhairt leis an bhfáth a bhfuil srianta den sórt sin ar chearta na n-ábhar sonraí fíor-riachtanach agus comhréireach i sochaí dhaonlathach chun na cuspóirí atá á saothrú i bhfeidhmiú a údaráis oifigiúil agus na feidhmeanna a bhaineann leis a choimirciú, agus maidir leis an gcaoi a n-urramaíonn BCE bunéirim na gceart bunúsach agus na saoirsí bunúsacha agus aon srian den sórt sin á fhorchur ag an am céanna.

(18) Laistigh den chreat sin, tá sé de cheangal ar BCE urraim a thabhairt, a mhéid is féidir, do chearta bunúsacha na n-ábhar sonraí, go háirithe na cearta sin a bhaineann leis an gceart chun faisnéis a sholáthar, rochtain agus ceartúchán, an ceart go ndéanfaí léirscriosadh, srianadh ar phróiseáil, ceart cumarsáide maidir le sárú i ndáil le sonraí pearsanta don ábhar sonraí nó rúndacht cumarsáide dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2018/1725.

(19) Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé d'oibleagáid ar BCE srian a chur leis an bhfaisnéis arna soláthar d'ábhair sonraí agus le cearta ábhar sonraí eile chun comhlíonadh a chúraimí a chosaint, go háirithe a imscrúduithe agus a nósanna imeachta féin, imscrúduithe agus nósanna imeachta údarás poiblí eile agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine eile a bhaineann lena imscrúduithe nó lena nósanna imeachta eile.

(20) Ba cheart do BCE deireadh a chur le srian atá curtha i bhfeidhm cheana a mhéid nach bhfuil gá leis a thuilleadh.

(21) Ba cheart do OCS athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm srianta d'fhonn comhlíonadh an Chinnidh seo agus Rialachán (AE) 2018/1725 a áirithiú.

(22) Leagtar amach leis an gCinneadh seo na rialacha faoina bhféadfaidh BCE srian a chur le cearta na n-ábhar sonraí agus sonraí pearsanta á bpróiseáil ag BCE i dtaca lena fheidhmiú inmheánach, agus an tráth céanna tá cinneadh ar leithligh glactha ag an mBord Feidhmiúcháin lena nglactar rialacha inmheánacha maidir le srian a chur ar chearta i gcomhlíonadh a chúraimí maoirseachta.

(23) Féadfaidh BCE a bheith in ann eisceacht a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 a fhágann nach gá srian a mheas, lena n-áirítear go háirithe iad siúd a leagtar amach in Airteagail 15(4), 16(5), 19(3) agus 35(3) den Rialachán sin.

(24) Féadfar foráil a dhéanamh do mhaoluithe ó chearta na n-ábhar sonraí dá dtagraítear in Airteagail 17, 18, 20, 21, 22 agus 23 de Rialachán (AE) 2018/1725 chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail i rialacha inmheánacha nó i ngníomhartha dlí arna nglacadh ag BCE ar bhonn na gConarthaí i ndáil lena chartlannú faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí is gá i gcomhréir le hAirteagal 25(4) de Rialachán (AE) 2018/1725.

(25) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 41(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé tuairim uaidh an 12 Márta 2021.

(26) Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste Foirne,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leagtar amach sa Chinneadh seo rialacha a bhaineann le srian a chur ar chearta na n-ábhar sonraí ag BCE agus gníomhaíochtaí próiseála sonraí á ndéanamh aige, mar atá taifeadta sa chlár lárnach, i dtaca lena fheidhmiú inmheánach.

2. Sonraítear cearta na n-ábhar sonraí a fhéadfar a shrianadh sna hAirteagail seo a leanas de Rialachán (AE) 2018/1725:

(a) Airteagal 14 (faisnéis thrédhearcach, cumarsáid thrédhearcach agus modúlachtaí trédhearcacha i dtaca le feidhmiú chearta an ábhair sonraí);

(b) Airteagal 15 (faisnéis a bheidh le soláthar i gcás go mbailítear sonraí pearsanta ón ábhar sonraí);

(c) Airteagal 16 (faisnéis a bheidh le soláthar i gcás nár bailíodh na sonraí ón ábhar sonraí);

(d) Airteagal 17 (ceart rochtana don ábhar sonraí);

(e) Airteagal 18 (an ceart go ndéanfaí ceartúchán);

(f) Airteagal 19 (an ceart go ndéanfaí léirscriosadh ("an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad"));

(g) Airteagal 20 (an ceart go gcuirfí srian ar phróiseáil);

(h) Airteagal 21 (an oibleagáid fógra a thabhairt go ndearnadh sonraí pearsanta a cheartú nó a léirscriosadh nó próiseáil a shrianadh);

(i) Airteagal 22 (an ceart chun iniomparthacht sonraí);

(j) Airteagal 35 (sárú i ndáil le sonraí pearsanta a chur in iúl don ábhar sonraí);

(k) Airteagal 36 (rúndacht na cumarsáide leictreonaí);

(l) Airteagal 4 fad agus a thagann a fhorálacha leis na cearta agus na hoiblieagáidí dá bhforáiltear in Airtegail 14 go 22 de Rialachán (AE) 2018/1725.

Airteagal 2

Sainmhínithe:

Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "próiseáil" próiseáil mar a shainmhínítear i bpointe (3) d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1725;

(2) ciallaíonn "sonraí pearsanta" sonraí pearsanta mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1725;

(3) ciallaíonn "ábhar sonraí" duine nádúrtha aitheanta nó inaitheanta; is duine inaitheanta é duine ar féidir a aithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó fachtóir amháin nó níos mó a bhaineann go sonrach leis an céannacht fhisiciúil, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin.

(4) ciallaíonn "clár lárnach" stór lárnach na ngníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta uile a dhéantar in BCE a choinníonn OCS agus dá dtagraítear in Airteagal 9 de Chinneadh (AE) 2020/655 (BCE/2020/28);

(5) ciallaíonn "rialaitheoir" an BCE, agus go háirithe aonad eagrúcháin inniúil BCE, a chinneann, leis féin nó i gcomhpháirt le daoine eile, críocha agus modhanna próiseála sonraí pearsanta agus atá freagrach as an oibríocht phróiseála;

(6) ciallaíonn "institiúidí agus comhlachtaí an Aontais" institiúidí agus comhlachtaí an Aontais mar a shainmhínítear i bpointe (10) d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1725;

Airteagal 3

Cur i bhfeidhm srianta

1. Maidir le gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta a leagtar amach in Airteagal 1(1), féadfaidh an rialaitheoir srian a chur leis na cearta dá dtagraítear in Airteagal 1(2) chun na leasanna agus na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 a choimirciú, i gcás ina gcuirfeadh feidhmiú na gceart sin aon cheann de na nithe seo a leanas i mbaol:

(a) measúnú agus tuairisciú ar sháruithe féideartha ar dhualgais ghairmiúla agus, i gcás inar gá, a n-imscrúdú agus obair leantach ina leith, lena n-áirítear fionraí ó dhualgais, a bhfuil a gcoimirciú i gcomhréir le pointí (b), (c), (f) agus/nó (h) d'Airteagal 25 (1) de Rialachán (AE) 2018/1725;

(b) na nósanna imeachta neamhfhoirmiúla agus/nó foirmiúla maidir leis an dínit san ionad oibre, lena n-áirítear breithniú ar chásanna a d'fhéadfadh nós imeachta den sórt sin a bheith mar thoradh orthu mar a leagtar amach i gCuid 0.5 de Rialacha Foirne BCE, a bhfuil a gcoimirciú i gcomhréir le pointí (b), (c), (f) agus/nó (h) d'Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2018/1725;

(c) feidhmiú cuí fheidhmeanna DG/HR faoi chreat an dlí fostaíochta ag BCE lena gcuimsítear bainistíocht feidhmíochta, nósanna imeachta cur chun cinn nó ceapadh díreach phearsanra BCE, nósanna imeachta roghnúcháin agus forbairt ghairmiúil, lena n-áirítear calabrú tallainne a dhéanamh taobh istigh de réimsí gnó agus tharstu, nósanna imeachta maidir le méaduithe tuarastail agus bónais agus cinntí maidir le soghluaisteacht agus saoire, a bhfuil a gcoimirciú i gcomhréir le pointí (c) agus/nó (h) d'Airteagal 25 (1) de Rialachán (AE) 2018/1725;

(d) scrúdú ar achomhairc inmheánacha arna dtabhairt ag pearsanra BCE, (lena n-áirítear trí nósanna imeachta athbhreithnithe riaracháin nó casaoide, nósanna imeachta speisialta achomhairc nó coistí leighis), agus an obair leantach orthu, a bhfuil a gcoimirciú i gcomhréir le pointí (b), (c) agus/nó (h) d'Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2018/1725;

(e) tuairisciú ar aon ghníomhaíocht neamhdhleathach nó sárú ar dhualgais ghairmiúla trí uirlis sceithireachta BCE nó measúnú ar iarrataí ón Oifig um Chomhlíonadh agus Rialachas (CGO) ar chosaint do sceithirí nó d'fhinnéithe ó fhrithbheart, a bhfuil a gcoimirciú i gcomhréir le pointí (b), (c), (f) agus/nó (h) d'Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2018/1725;

(f) gníomhaíochtaí an CGO faoi Chreat Eitice BCE a leagtar amach i gCuid 0 de Rialacha Foirne BCE agus na rialacha maidir le roghnú agus ceapadh a leagtar amach i gCuid 1A de Rialacha Foirne BCE, agus faireachán chun críocha comhlíonta ar ghníomhaíochtaí príobháideacha airgeadais lena n-áirítear na feidhmeanna a fheidhmíonn an soláthraí seirbhíse seachtrach arna cheapadh de bhun Airteagal 0.4.3.3 de Rialacha Foirne BCE agus measúnú agus obair leantach ar sháruithe féideartha a eascraíonn as faireachán den sórt sin ag CGO, a bhfuil a gcoimirciú i gcomhréir le pointí (b), (c), (f) agus/nó (h) d'Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2018/1725;

(g) iniúchtaí arna ndéanamh ag an Stiúrthóireacht um Iniúchóireacht Inmheánach, gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha agus fiosrúcháin riaracháin inmheánacha, a bhfuil a gcoimirciú i gcomhréir le pointí (b), (c) agus/nó (h) d'Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2018/1725;

(h) feidhmiú fheidhmeanna BCE de bhun Chinneadh (AE) 2016/456 (BCE/2016/3), go háirithe dualgas BCE aon fhaisnéis a thuairisciú faoi ghníomhaíocht neamhdhleathach a bhfuil a coimirciú i gcomhréir le pointí (b), (c), (g) agus/nó (h) d'Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2018/1725;

(i) imscrúduithe arna ndéanamh ag OCS ar ghníomhaíochtaí próiseála arna ndéanamh ag BCE de bhun phointe (b) d'Airteagal 4 de Chinneadh (AE) 2020/655 (BCE/2020/28), a bhfuil a gcoimirciú i gcomhréir le pointí (b) agus/nó (h) d'Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2018/1725;

(j) imscrúduithe chun slándáil fhisiciúil daoine, áitribh agus maoine a áirithiú in BCE, cibé acu a láimhseáiltear iad go hinmheánach nó le tacaíocht sheachtrach, agus chun fhaisnéis faoi bhagairtí a bhailiú agus anailís a dhéanamh ar theagmhais slándála a bhfuil a gcoimirciú i gcomhréir le pointí (b), (c), (d) agus/nó (h) d'Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2018/1725;

(k) imeachtaí breithiúnacha a bhfuil a gcoimirciú i gcomhréir le pointí (b), (c) agus/nó (h) d'Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2018/1725;

(l) an comhar idir BCE agus na húdaráis náisiúnta um imscrúdú coiriúil, go háirithe soláthar faisnéise rúnda atá i seilbh BCE lena nochtadh d'údarás náisiúnta um imscrúdú coiriúil arna iarraidh sin dó, a bhfuil a choimirciú i gcomhréir le pointí (b), (c), (d) agus/nó (h) d'Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2018/1725;

(m) an comhar idir BCE agus OIPE de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, go háirithe dualgas BCE faisnéis a sholáthar faoi chionta, a bhfuil a gcoimirciú i gcomhréir le pointí (b), (c), (d) agus/nó (h) d'Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2018/1725;

(n) an comhar le comhlachtaí AE a fheidhmíonn feidhm mhaoirseachta, fhormhaoirseachta nó iniúchóireachta a bhfuil BCE faoina réir, a bhfuil a choimirciú i gcomhréir le pointí (c), (d), (g) agus/nó (h) d'Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2018/1725;

(o) feidhmiú chúraimí idirghabhálaí de bhun an chreata inmheánaigh um réiteach díospóidí ag BCE, go háirithe tacaíocht a thabhairt chun cuidiú le díospóid a bhaineann leis an obair a réiteach nó a chosc, a bhfuil a coimirciú i gcomhréir le pointe (h) d'Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2018/1725;

(p) soláthar seirbhísí comhairleoireachta ag an gcomhairleoir sóisialta chun tacú le pearsanra BCE, a bhfuil a gcoimirciú i gcomhréir le pointe (h) d'Airteagal 25 (1) de Rialachán (AE) 2018/1725.

Sonraítear na catagóirí sonraí pearsanta a bhféadfar srianta dá dtagraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm ina leith in Iarscríbhinní I go XIV a ghabhann leis an gCinneadh seo.

2. Ní fhéadfaidh an rialaitheoir srian a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás ina gcinneann sé, ar mheasúnú de réir gach cáis ar leith:

(a) go bhfuil sé riachtanach agus comhréireach agus na rioscaí do chearta agus do shaoirsí an ábhair sonraí á gcur san áireamh; agus

(b) go n-urramófar leis do bhunbhrí na gceart bunúsach agus na saoirsí bunúsacha laistigh de shochaí dhaonlathach.

3. Déanfaidh an rialaitheoir a mheasúnú a dhoiciméadú i nóta measúnaithe inmheánaigh ina n-áireofar an bunús dlí, na cúiseanna leis an srian, cearta na n-ábhar sonraí atá srianta, na hábhair sonraí a ndéantar difear dóibh, riachtanas agus comhréireacht an tsriain agus fad dóchúil an tsriain.

4. Déanfar cinneadh chun srian a chur ar chearta ábhair sonraí de bhun mhír 1 a bheidh le glacadh ag an rialaitheoir ar leibhéal cheann nó leascheann an limistéir ghnó ábhartha ar ina réimse gnó a dhéantar an phríomhoibríocht phróiseála a bhaineann leis na sonraí pearsanta.

Airteagal 4

Faisnéis ghinearálta a sholáthar maidir le srianta

Soláthróidh an rialaitheoir faisnéis ghinearálta faoin srian a d'fhéadfadh a bheith ar chearta an ábhair sonraí mar seo a leanas:

(a) sonróidh an rialaitheoir na cearta a bhféadfar srian a chur leo, na cúiseanna leis an srian agus an fad is féidir a mhairfidh sé

(b) cuirfidh an rialaitheoir an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) san áireamh ina fhógraí cosanta sonraí, ina ráitis phríobháideachais agus ina thaifid ar ghníomhaíochtaí próiseála dá dtagraítear in Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2018/1725.

Airteagal 5

Srian ar cheart rochtana ag ábhair sonraí, an ceart go ndéanfaí ceartúchán, an ceart go ndéanfaí léirscriosadh nó próiseáil a shrianadh

1. I gcás ina gcuireann an rialaitheoir srian, go hiomlán nó go páirteach, ar an gceart rochtana, ar an gceart chun ceartúcháin, ar an gceart go ndéanfaí léirscriosadh nó ar an gceart go gcuirfí srian le próiseáil, dá dtagraítear in Airteagail 17, 18, 19(1) agus 20(1) faoi seach de Rialachán (AE) 2018/1725, cuirfidh sé, laistigh den tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 11(5) de Chinneadh (AE) 2020/655 (BCE/2020/28), an t-ábhar sonraí lena mbaineann ar an eolas ina freagra ar an iarratas, faoin srian a cuireadh i bhfeidhm agus faoi na príomhchúiseanna leis, agus gur féidir gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí nó leigheas breithiúnach a lorg i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

2. Coinneoidh an rialaitheoir an nóta measúnaithe inmheánaigh dá dtagraítear in Airteagal 3(3) agus, i gcás inarb infheidhme, na doiciméid ina bhfuil buneilimintí fíorasacha agus dlíthiúla agus cuirfidh sé iad sin ar fáil don OCS agus don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí arna iarraidh sin.

3. Féadfaidh an rialaitheoir soláthar faisnéise maidir leis na cúiseanna atá leis an srian dá dtagraítear i mír 1 a chur siar, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú fad is a bhainfeadh an soláthar faisnéise sin an bonn de chuspóir an tsriain. A luaithe a chinnfidh an rialaitheoir nach mbaineann soláthar na faisnéise an bonn de chuspóir an tsriain a thuilleadh, cuirfidh an rialaitheoir an fhaisnéis sin ar fáil don ábhar sonraí.

Airteagal 6

Fad na srianta

1. Cuirfidh an rialaitheoir deireadh le srian a luaithe nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag na cúinsí a raibh bonn cirt leo maidir leis an srian sin.

2. I gcás ina gcuireann an rialaitheoir deireadh le srian de bhun mhír 1, déanfaidh an rialaitheoir an méid seo a leanas go pras:

(a) sa mhéid nach bhfuil sin déanta aige cheana, na príomhchúiseanna ar a raibh cur i bhfeidhm srianta bunaithe a chur in iúl don ábhar sonraí;

(b) an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas faoin gceart atá aige nó aici gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí nó leigheas breithiúnach a lorg os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh;

(c) an ceart a bhí faoi réir an tsriain a cuireadh deireadh leis a dheonú don ábhar sonraí.

3. Déanfaidh an rialaitheoir athmheasúnú gach sé mhí ar an ngá atá le srian a chuirtear i bhfeidhm de bhun an Chinnidh seo a choinneáil agus déanfaidh sé a athmheasúnú a dhoiciméadú i nóta measúnaithe inmheánaigh.

Airteagal 7

Coimircí

Cuirfidh BCE coimircí eagraíochtúla agus teicniúla i bhfeidhm mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn XV chun mí-úsáid nó rochtain nó aistriú neamhdhleathach a chosc.

Airteagal 8

Athbhreithniú ag an OCS

1. I gcás ina gcuireann an rialaitheoir srian ar chur i bhfeidhm chearta ábhair sonraí, tabharfaidh sé ról leanúnach do OCS. Beidh feidhm ag an méid seo a leanas go háirithe:

(a) rachaidh an rialaitheoir i gcomhairle, gan mhoill mhíchuí, le OCS;

(b) arna iarraidh sin do OCS, tabharfaidh an rialaitheoir rochtain do OCS ar aon doiciméid ina bhfuil bunghnéithe fíorasacha agus dlíthiúla, lena n-áirítear an nóta measúnaithe inmheánaigh dá dtagraítear in Airteagal 3(3);

(c) déanfaidh an rialaitheoir doiciméadú ar an gcaoi a raibh an OCS páirteach, lena n-áirítear faisnéis ábhartha a roinneadh, go háirithe dáta an chéad chomhairliúcháin leis dá dtagraítear i bpointe (a);

(d) féadfaidh an OCS a iarraidh ar an rialaitheoir athbhreithniú a dhéanamh ar an srian;

(e) cuirfidh an rialaitheoir OCS ar an eolas i scríbhinn faoi thoradh an athbhreithnithe a iarradh gan moill mhíchuí agus in aon chás sula gcuirfear aon srian i bhfeidhm.

2. Cuirfidh an rialaitheoir an OCS ar an eolas nuair a bheidh athmheasúnú déanta ar an srian i gcomhréir le hAirteagal 7(3) nó nuair a chuirfear deireadh leis.

Airteagal 9

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fíchiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 22 Samhain 2022.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

IARSCRÍBHINN I

Measúnú agus tuairisciú ar sháruithe féideartha ar dhualgais ghairmiúla agus, i gcás inar gá, a bhfiosrú agus an ghníomhaíocht leantach ina ndiaidh.

Féadfar an srian dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 3(1) den Chinneadh seo a chur i bhfeidhm i ndáil leis na catagóirí sonraí a luaitear sna taifid ábhartha próiseála, go háirithe na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas:

a) sonraí aitheantais;

b) sonraí teagmhála;

c) sonraí gairmiúla lena n-áirítear sonraí a bhaineann le sonraí oideachais, oiliúna agus fostaíochta;

d) sonraí airgeadais (e.g. faisnéis faoi phá, liúntais nó idirbhearta príobháideacha);

e) sonraí a bhaineann le teaghlach, le stíl mhaireachtála agus le cúinsí sóisialta;

f) sonraí suímh;

g) sonraí maidir le hearraí nó seirbhísí arna soláthar;

h) sonraí maidir le gníomhaíochtaí seachtracha;

i) sonraí lena nochtar tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, ballraíocht i gceardchumann, sonraí géiniteacha nó sonraí bithmhéadracha; sonraí a bhaineann leis an tsláinte; nó sonraí maidir le saol gnéis nó gnéaschlaonadh duine;

j) aon sonraí eile a bhaineann le measúnú agus tuairisciú sáruithe féideartha ar dhualgais ghairmiúla agus, i gcás inar gá, a bhfiosrú agus an ghníomhaíocht leantach ina ndiaidh.

IARSCRÍBHINN II

Nósanna imeachta neamhfhoirmiúla agus/nó foirmiúla maidir leis an dínit san ionad oibre, lena n-áirítear breithniú cásanna a bhféadfadh nós imeachta den sórt sin a bheith mar thoradh orthu mar a leagtar amach i gCuid 0.5 de Rialacha Foirne BCE

Féadfar an srian dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 3(1) den Chinneadh seo a chur i bhfeidhm i ndáil leis na catagóirí sonraí a luaitear sna taifid ábhartha próiseála, go háirithe na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas:

a) sonraí aitheantais;

b) sonraí teagmhála;

c) sonraí gairmiúla lena n-áirítear sonraí a bhaineann le sonraí oideachais, oiliúna agus fostaíochta;

d) sonraí airgeadais (e.g. faisnéis faoi phá, liúntais nó idirbhearta príobháideacha);

e) sonraí a bhaineann le teaghlach, le stíl mhaireachtála agus le cúinsí sóisialta;

f) sonraí suímh;

g) sonraí maidir le hearraí nó seirbhísí arna soláthar;

h) sonraí lena nochtar tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach nó ballraíocht i gceardchumann; sonraí géiniteacha nó sonraí bithmhéadracha; sonraí a bhaineann leis an tsláinte; nó sonraí maidir le saol gnéis nó gnéaschlaonadh duine nádúrtha;

i) aon sonraí eile a bhaineann le nósanna imeachta neamhfhoirmiúla agus/nó foirmiúla maidir leis an dínit san ionad oibre, lena n-áirítear breithniú cásanna a bhféadfadh nós imeachta den sórt sin a bheith mar thoradh orthu mar a leagtar amach i gCuid 0.5 de Rialacha Foirne BCE.

IARSCRÍBHINN III

Feidhmiú fheidhmeanna DG/HR faoi chreat an dlí fostaíochta ag BCE

Féadfar an srian dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 3(1) den Chinneadh seo a chur i bhfeidhm i ndáil leis na catagóirí sonraí a luaitear sna taifid ábhartha próiseála, go háirithe na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas:

a) sonraí aitheantais;

b) sonraí teagmhála;

c) sonraí gairmiúla, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le sonraí oideachais, oiliúna agus fostaíochta;

d) sonraí airgeadais (e.g. faisnéis faoi phá, liúntais nó idirbhearta príobháideacha);

e) sonraí a bhaineann le teaghlach, le stíl mhaireachtála agus le cúinsí sóisialta;

f) sonraí suímh;

g) sonraí maidir le hearraí nó seirbhísí arna soláthar;

h) sonraí lena nochtar tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, ballraíocht i gceardchumann, sonraí géiniteacha nó sonraí bithmhéadracha; sonraí a bhaineann leis an tsláinte; nó sonraí maidir le saol gnéis nó gnéaschlaonadh duine;

i) aon sonraí eile a áirítear i gcásanna aonair, nó a bhaineann le breithnithe cásanna aonair, go háirithe sonraí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le cinneadh a dhéanfadh dochar do phearsanra BCE agus le scrúdú ar achomhairc inmheánacha arna dtabhairt ag pearsanra BCE agus an obair leantach a dhéantar ina leith;

j) aon sonraí eile a bhaineann le nósanna imeachta roghnúcháin.

IARSCRÍBHINN IV

Scrúdú a dhéanamh ar achomhairc inmheánacha agus ar na bearta leantacha a rinneadh ina leith

Féadfar an srian dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 3(1) den Chinneadh seo a chur i bhfeidhm i ndáil leis na catagóirí sonraí a luaitear sna taifid ábhartha próiseála, go háirithe na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas:

a) sonraí aitheantais;

b) sonraí teagmhála;

c) sonraí gairmiúla, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le sonraí oideachais, oiliúna agus fostaíochta;

d) sonraí airgeadais (e.g. faisnéis faoi phá, liúntais nó idirbhearta príobháideacha);

e) sonraí a bhaineann le teaghlach, le stíl mhaireachtála agus le cúinsí sóisialta;

f) sonraí suímh;

g) sonraí maidir le hearraí nó seirbhísí arna soláthar;

h) sonraí lena nochtar tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, ballraíocht i gceardchumann, sonraí géiniteacha nó sonraí bithmhéadracha; sonraí a bhaineann leis an tsláinte; nó sonraí maidir le saol gnéis nó gnéaschlaonadh duine;

i) aon sonraí eile a áirítear i gcásanna aonair, nó a bhaineann le breithnithe cásanna aonair, go háirithe sonraí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le cinneadh a dhéanfadh dochar do phearsanra BCE agus le scrúdú ar achomhairc inmheánacha arna dtabhairt ag pearsanra BCE agus an obair leantach a dhéantar ina leith.

IARSCRÍBHINN V

Tuairisciú ar aon ghníomhaíocht neamhdhleathach nó ar aon sárú ar dhualgais ghairmiúla arna gcur isteach trí bhealach ar bith, lena n-áirítear trí uirlis sceithireachta BCE nó trí mheasúnú na hOifige um Chomhlíonadh agus Rialachas ar iarrataí ar chosaint do sceithirí nó d'fhinnéithe

Féadfar an srian dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 3(1) den Chinneadh seo a chur i bhfeidhm i ndáil leis na catagóirí sonraí a luaitear sna taifid ábhartha próiseála, go háirithe na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas:

a) sonraí aitheantais;

b) sonraí teagmhála;

c) sonraí gairmiúla, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le sonraí oideachais, oiliúna agus fostaíochta;

d) sonraí airgeadais (e.g. faisnéis faoi phá, liúntais nó idirbhearta príobháideacha);

e) sonraí a bhaineann le teaghlach, le stíl mhaireachtála agus le cúinsí sóisialta;

f) sonraí suímh;

g) sonraí maidir le hearraí nó seirbhísí arna soláthar;

h) sonraí maidir le gníomhaíochtaí seachtracha;

i) sonraí lena nochtar tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach nó ballraíocht i gceardchumann; sonraí géiniteacha nó sonraí bithmhéadracha; sonraí a bhaineann leis an tsláinte; nó sonraí maidir le saol gnéis nó gnéaschlaonadh duine nádúrtha;

j) aon sonraí eile a bhaineann le haon ghníomhaíocht neamhdhleathach líomhnaithe nó le sárú líomhnaithe ar dhualgais ghairmiúla nó le haon iarraidh ar chosaint do sceithirí nó d'fhinnéithe.

IARSCRÍBHINN VI

Gníomhaíochtaí CGO faoi Rialacha Foirne BCE

Féadfar an srian dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 3(1) den Chinneadh seo a chur i bhfeidhm i ndáil leis na catagóirí sonraí a luaitear sna taifid ábhartha próiseála, go háirithe na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas:

a) sonraí aitheantais;

b) sonraí teagmhála;

c) sonraí gairmiúla, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le sonraí oideachais, oiliúna agus fostaíochta;

d) sonraí airgeadais (e.g. faisnéis faoi idirbhearta príobháideacha);

e) sonraí a bhaineann le teaghlach, le stíl mhaireachtála agus le cúinsí sóisialta;

f) sonraí maidir le gníomhaíochtaí seachtracha;

g) sonraí lena nochtar tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach nó ballraíocht i gceardchuman; sonraí géiniteacha nó sonraí bithmhéadracha; sonraí a bhaineann leis an tsláinte; nó sonraí maidir le saol gnéis nó gnéaschlaonadh duine nádúrtha;

h) aon sonraí eile a bhaineann le haon ghníomhaíochtaí a thuairiscítear do CGO nó a dhéantar imscrúdú ag CGO orthu.

IARSCRÍBHINN VII

Iniúchtaí arna ndéanamh ag an Stiúrthóireacht um Iniúchóireacht Inmheánach agus gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha nó fiosrúcháin riaracháin inmheánacha

Féadfar an srian dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 3(1) den Chinneadh seo a chur i bhfeidhm i ndáil leis na catagóirí sonraí a luaitear sna taifid ábhartha próiseála, go háirithe na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas:

a) sonraí aitheantais;

b) sonraí teagmhála;

c) sonraí gairmiúla, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le sonraí oideachais, oiliúna agus fostaíochta;

d) sonraí airgeadais (e.g. faisnéis faoi phá, liúntais nó idirbhearta príobháideacha);

e) sonraí a bhaineann le teaghlach, le stíl mhaireachtála agus le cúinsí sóisialta;

f) sonraí maidir le gníomhaíochtaí seachtracha;

g) sonraí suímh;

h) sonraí maidir le hearraí nó seirbhísí arna soláthar;

i) sonraí sóisialta agus iompraíochta agus cineálacha eile sonraí a bhaineann go sonrach leis an oibríocht phróiseála;

j) faisnéis maidir le himeachtaí riaracháin nó aon imscrúduithe eile;

k) sonraí leictreonacha tráchta;

l) sonraí físfhaireachais;

m) taifeadtaí fuaime;

n) sonraí lena nochtar tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach nó ballraíocht i gceardchumann; sonraí géiniteacha nó sonraí bithmhéadracha; sonraí a bhaineann leis an tsláinte; nó sonraí maidir le saol gnéis nó gnéaschlaonadh duine nádúrtha;

o) sonraí a bhaineann le himeachtaí coiriúla, aon smachtbhanna nó aon phionós riaracháin eile;

p) aon sonraí eile a bhaineann le hiniúchtaí arna ndéanamh ag an Stiúrthóireacht um Iniúchóireacht Inmheánach agus aon ghníomhaíocht imscrúdaitheach nó fiosrúchán riaracháin inmheánach.

IARSCRÍBHINN VIII

Feidhmiú fheidhmeanna BCE de bhun Chinneadh (AE) 2016/456 (BCE/2016/3)

Féadfar an srian dá dtagraítear i bpointe (h) d'Airteagal 3(1) den Chinneadh seo a chur i bhfeidhm i ndáil leis na catagóirí sonraí a luaitear sna taifid ábhartha próiseála, go háirithe na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas:

a) sonraí aitheantais;

b) sonraí teagmhála;

c) sonraí gairmiúla lena n-áirítear sonraí a bhaineann le sonraí oideachais, oiliúna agus fostaíochta;

d) sonraí airgeadais (e.g. faisnéis faoi phá nó liúntais, nó idirbhearta príobháideacha);

e) sonraí a bhaineann le teaghlach, stíl mhaireachtála agus cúinsí sóisialta;

f) sonraí maidir le gníomhaíochtaí seachtracha;

g) sonraí suímh;

h) sonraí maidir le hearraí nó seirbhísí arna soláthar;

i) sonraí leictreonacha tráchta;

j) sonraí físfhaireachais;

k) taifid fuaime;

l) sonraí lena nochtar tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach; ballraíocht i gceardchuman;, sonraí géiniteacha nó sonraí bithmhéadracha; sonraí a bhaineann leis an tsláinte; nó sonraí maidir le saol gnéis nó gnéaschlaonadh duine nádúrtha;

m) aon sonraí eile a bhaineann le comhlíonadh fheidhmeanna BCE de bhun Chinneadh (AE) 2016/456 (BCE/2016/3).

IARSCRÍBHINN IX

Imscrúduithe arna ndéanamh ag OCS de bhun phointe (b) d'Airteagal 4 de Chinneadh (AE) 2020/655 (BCE/2020/28)

Féadfar an srian dá dtagraítear i bpointe (i) d'Airteagal 3(1) den Chinneadh seo a chur i bhfeidhm i ndáil leis na catagóirí sonraí a luaitear sna taifid ábhartha próiseála, go háirithe na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas:

a) sonraí aitheantais;

b) sonraí teagmhála;

c) sonraí gairmiúla, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le sonraí oideachais, oiliúna agus fostaíochta;

d) sonraí airgeadais(e.g. faisnéis faoi phá nó liúntais, nó idirbhearta príobháideacha);

e) sonraí a bhaineann le teaghlach, stíl mhaireachtála agus cúinsí sóisialta;

f) sonraí maidir le gníomhaíochtaí seachtracha;

g) suíomh sonraí;

h) sonraí maidir le hearraí nó seirbhísí arna soláthar;

i) sonraí leictreonacha tráchta;

j) sonraí lena nochtar tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach nó ballraíocht i gceardchumann; sonraí géiniteacha nó sonraí bithmhéadracha; sonraí a bhaineann leis an tsláinte; nó sonraí maidir le saol gnéis nó gnéaschlaonadh duine nádúrtha;

k) aon sonraí eile a bhaineann le haon imscrúdú arna dhéanamh ag OCS de bhun phointe (b) d'Airteagal 4 de Chinneadh (AE) 2020/655 (BCE/2020/28).

IARSCRÍBHINN X

Imscrúduithe chun slándáil fhisiciúil daoine, áitribh agus maoine a áirithiú ag BCE agus chun faisnéis faoi bhagairtí a bhailiú agus teagmhais slándála a anailísiú

Féadfar an srian dá dtagraítear i bpointe (j) d'Airteagal 3(1) den Chinneadh seo a chur i bhfeidhm i ndáil leis na catagóirí sonraí a luaitear sna taifid ábhartha próiseála, go háirithe na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas:

a) sonraí aitheantais;

b) sonraí teagmhála;

c) sonraí gairmiúla, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le sonraí oideachais, oiliúna agus fostaíochta;

d) sonraí suímh;

e) sonraí a bhaineann le teaghlach, stíl mhaireachtála agus cúinsí sóisialta;

f) sonraí leictreonacha tráchta;

g) sonraí físfhaireachais;

h) taifeadtaí fuaime;

i) sonraí lena nochtar tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach nó ballraíocht i gceardchumann; sonraí géiniteacha nó sonraí bithmhéadracha; sonraí a bhaineann leis an tsláinte; nó sonraí maidir le saol gnéis nó gnéaschlaonadh duine nádúrtha;

j) sonraí a bhaineann le cásanna coiriúla atá ar feitheamh nó taifid choiriúla;

k) aon sonraí eile a bhaineann le himscrúduithe chun slándáil fhisiciúil daoine, áitribh agus maoine a áirithiú in BCE, le faisnéis faoi bhagairtí nó le hanailís ar theagmhais slándála.

IARSCRÍBHINN XI

Imeachtaí breithiúnacha

Féadfar an srian dá dtagraítear i bpointe (k) d'Airteagal 3(1) den Chinneadh seo a chur i bhfeidhm i ndáil leis na catagóirí sonraí a luaitear sna taifid ábhartha próiseála, go háirithe na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas:

a) sonraí aitheantais;

b) sonraí teagmhála;

c) sonraí gairmiúla, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le sonraí oideachais, oiliúna agus fostaíochta;

d) sonraí airgeadais (e.g. faisnéis faoi phá, liúntais nó idirbhearta príobháideacha);

e) sonraí a bhaineann le teaghlach, stíl mhaireachtála agus cúinsí sóisialta;

f) sonraí maidir le gníomhaíochtaí seachtracha;

g) suíomh sonraí;

h) sonraí leictreonacha tráchta;

i) sonraí lena nochtar tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach nó ballraíocht i gceardchumann; sonraí géiniteacha nó sonraí bithmhéadracha; sonraí a bhaineann leis an tsláinte; nó sonraí maidir le saol gnéis nó gnéaschlaonadh duine nádúrtha;

j) aon sonraí eile a bhaineann le himeachtaí breithiúnacha.

IARSCRÍBHINN XII

An comhar idir BCE agus na húdaráis náisiúnta um imscrúdú coiriúil, OIPE agus comhlachtaí AE a fheidhmíonn feidhm mhaoirseachta, formhaoirseachta nó iniúchóireachta a bhfuil BCE faoina réir

Féadfar an srian dá dtagraítear i bpointí (l) go (n) d'Airteagal 3(1) den Chinneadh seo a chur i bhfeidhm maidir leis na catagóirí sonraí pearsanta uile a luaitear in Iarscríbhinn I go hIarscríbhinn XI, chomh maith leis na catagóirí sonraí a luaitear sna taifid ábhartha próiseála, go háirithe na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas:

a) sonraí aitheantais;

b) sonraí teagmhála;

c) sonraí gairmiúla, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le sonraí oideachais, oiliúna agus fostaíochta;

d) sonraí airgeadais (e.g. faisnéis faoi phá, liúntais nó idirbhearta príobháideacha);

e) sonraí a bhaineann le teaghlach, stíl mhaireachtála agus cúinsí sóisialta;

f) sonraí maidir le gníomhaíochtaí seachtracha;

g) sonraí suímh;

h) sonraí maidir le hearraí nó seirbhísí arna soláthar;

i) sonraí físfhaireachais;

j) sonraí leictreonacha tráchta;

k) taifid fuaime;

l) sonraí lena nochtar tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach nó ballraíocht i gceardchumann; sonraí géiniteacha nó sonraí bithmhéadracha; sonraí a bhaineann leis an tsláinte; nó sonraí maidir le saol gnéis nó gnéaschlaonadh duine nádúrtha;

m) faisnéis maidir le himeachtaí riaracháin nó aon imscrúduithe eile;

n) sonraí a bhaineann le himeachtaí coiriúla, aon smachtbhanna nó aon phionós riaracháin eile;

o) aon sonraí eile a bhaineann leis an gcomhar idir BCE agus na húdaráis náisiúnta um imscrúdú coiriúil, OIPE agus comhlachtaí AE a fheidhmíonn feidhm mhaoirseachta, formhaoirseachta nó iniúchóireachta a bhfuil BCE faoina réir.

IARSCRÍBHINN XIII

Feidhmiú chúraimí an idirghabhálaí

Féadfar an srian dá dtagraítear i bpointe (o) d'Airteagal 3(1) den Chinneadh seo a chur i bhfeidhm i ndáil leis na catagóirí sonraí a luaitear sna taifid ábhartha próiseála, go háirithe na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas:

a) sonraí teagmhála;

b) sonraí gairmiúla, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le sonraí oideachais, oiliúna agus fostaíochta;

c) sonraí airgeadais (e.g. faisnéis faoi phá, liúntais nó idirbhearta príobháideacha);

d) sonraí a bhaineann le teaghlach, stíl mhaireachtála agus cúinsí sóisialta;

e) sonraí sóisialta agus iompraíochta agus cineálacha eile sonraí a bhaineann go sonrach leis an oibríocht phróiseála;

f) faisnéis maidir le himeachtaí riaracháin nó aon imscrúduithe rialacháin eile;

g) sonraí lena nochtar tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach nó ballraíocht i gceardchumann; sonraí géiniteacha nó sonraí bithmhéadracha; sonraí a bhaineann leis an tsláinte; nó sonraí maidir le saol gnéis nó gnéaschlaonadh duine nádúrtha;

h) aon sonraí eile a bhaineann le soláthar seirbhísí comhairleoireachta ag an gcomhairleoir.

IARSCRÍBHINN XIV

Soláthar na seirbhísí comhairleoireachta ag an gcomhairleoir sóisialta

Féadfar an srian dá dtagraítear i bpointe (p) d'Airteagal 3(1) den Chinneadh seo a chur i bhfeidhm i ndáil leis na catagóirí sonraí a luaitear sna taifid ábhartha próiseála, go háirithe na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas:

a) sonraí teagmhála;

b) sonraí gairmiúla, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le sonraí oideachais, oiliúna agus fostaíochta;

c) sonraí airgeadais (e.g. faisnéis faoi phá, liúntais nó idirbhearta príobháideacha);

d) sonraí a bhaineann le teaghlach, stíl mhaireachtála agus cúinsí sóisialta;

e) sonraí sóisialta agus iompraíochta agus cineálacha eile sonraí a bhaineann go sonrach leis an oibríocht phróiseála;

f) faisnéis maidir le himeachtaí riaracháin nó aon imscrúduithe rialacháin eile;

g) sonraí lena nochtar tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach nó ballraíocht i gceardchumann; sonraí géiniteacha nó sonraí bithmhéadracha; sonraí a bhaineann leis an tsláinte; nó sonraí maidir le saol gnéis nó gnéaschlaonadh duine nádúrtha;

h) aon sonraí eile a bhaineann le soláthar seirbhísí comhairleoireachta ag an gcomhairleoir.

IARSCRÍBHINN XV

Áirítear sna coimircí eagraíochtúla agus teicniúla ag BCE chun mí-úsáid nó próiseáil neamhdhleathach sonraí pearsanta a chosc:

(a) maidir le daoine:

(i) gach duine a bhfuil rochtain aige ar fhaisnéis neamhphoiblí BCE a bheidh freagrach as eolas a bheith aige ar bheartas agus rialacha BCE maidir le bainistiú agus rúndacht faisnéise agus as iad a chur i bhfeidhm;

(ii) próiseas imréitigh slándála lena n-áirithítear nach mbeidh rochtain ach ag daoine údaraithe agus a bhfuil grinnfhiosrúchán déanta ina leith ar áitreabh BCE agus ar a fhaisnéis neamhphoiblí;

(iii) bearta agus oiliúint maidir le feasacht ar chúrsaí slándála TF, faisnéise agus fisiciúla a chuirtear ar fáil go rialta do phearsanra BCE agus do sholáthraithe seirbhíse seachtracha;

(iv) pearsanra BCE a bheith faoi réir rialacha dochta rúndachta gairmiúla a leagtar amach i gConinníollacha Fostaíochta agus Rialacha Foirne BCE, a n-eascraíonn smachtbhannaí araíonachta as a sárú;

(v) rialacha agus oibleagáidí lena rialaítear rochtain soláthraithe seirbhíse seachtracha nó conraitheoirí ar fhaisnéis BCE neamhphoiblí a leagtar amach i socruithe conarthacha;

(vi) rialuithe rochtana lena n-áirítear criosú slándála a fhorfheidhmítear lena n-áirithítear go ndéantar rochtain daoine ar fhaisnéis neamhphoiblí BCE a údarú agus a shrianadh bunaithe ar riachtanais ghnó agus ar cheanglais slándála;

(b) maidir le próisis:

(i) próisis atá i bhfeidhm lena áirithítear cur chun feidhme, oibriú agus cothabháil rialaithe feidhmchlár TF a thacaíonn le gnó BCE;

(ii) feidhmchláir TF a úsáid do ghnó BCE a chomhlíonann caighdeáin slándála BCE;

(iii) clár cuimsitheach slándála fisicí a bheith i bhfeidhm lena ndéantar measúnú leanúnach ar bhagairtí slándála agus lena gcuimsítear bearta slándála fisiciúla chun leibhéal leordhóthanach cosanta a áirithiú;

(c) maidir le teicneolaíocht:

(i) na sonraí leictreonacha uile atá á stóráil i bhfeidhmchláir TF a bheith comhlíonta le caighdeáin slándála BCE agus a bheith cosanta ar an gcaoi sin in aghaidh rochtana neamhúdaraithe nó in aghaidh athraithe neamhúdaraithe;

(ii) Feidhmchláir TF a cuirtear chun feidhme, a oibrítear agus a cothabháiltear ar leibhéal slándála atá i gcomhréir le riachtanais rúndachta, sláine agus infhaighteachta na bhfeidhmchlár TF, atá bunaithe ar anailísí tionchair gnó;

(iii) leibhéal slándála na bhfeidhmchlár TF atá á mbailíochtú go rialta trí mheasúnuithe slándála teicniúla agus neamhtheicniúla;

(iv) rochtain ar fhaisnéis neamhphoiblí BCE atá á tabhairt i gcomhréir leis an bprionsabal ar bhonn riachtanais eolais, agus rochtain faoi phribhléid a bheith teoranta go docht agus faoi dhianrialú;

(v) rialuithe atá á gcur i bhfeidhm chun sáruithe slándála iarbhír agus féideartha a bhrath agus obair leantach a dhéanamh ina leith.